

Comhionannas roimh an dlí – an dul chun cinn iad na ráitis réamhullmhaithe sa chóras ceartais? Nó an mbaineann siad an bonn de?

Bernard Condon SC¹

Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta na nIonchúisitheoirí, 2024

1. Le blianta beaga anuas, forbraíodh cleachtas ina n-ullmhaíonn daoine cúisithe arb eol dóibh gur dócha go gcuirfear ceist orthu faoi chion, nó go bhfuil líomhaintí ina gcoinne, ráitis fhada sula bhfreastalóidh siad ar Stáisiún na nGardaí le dul faoi cheisteanna. Go minic, ní sholáthraíonn na daoine seo aon eolas breise, agus ní fhreagraíonn siad ceisteanna breise ar bith. Ullmhaítear na ráitis go minic freisin i gcomhar le comhairleoirí dlí.
2. Déanann an cur i láthair seo breithniú ar an gcaoi ar tháinig an cleachtas sin chun cinn, cibé an bhfuil cleachtas den sórt sin dleathach, an stádas inghlacthachta a ghabhann le ráitis den sórt sin, agus an bhfuil gá ann leis an réimse sin den dlí a athchóiriú.
3. Rud atá tábhachtach, cuireann an cleachtas seo ceisteanna faoi éagothroime in airde; an bhfuil sé cóir go gcuirfí buntáiste ar dhuine cúisithe atá in ann comhairle dlí a íoc, sula ndéanann Gardaí iad a cheistiú, agus ansin bíonn buntáiste orthu cuntas iomlán agus meabhrach ar a gcosaint a chur os comhair giúiré? Ina theannta sin, is cosúil go mbaintear úsáid níos suntasaí as cleachtas na ráiteas réamhullmhaithe i gcionta gnéis.

Inghlacthacht

4. Go ginearálta, ní bhíonn ráitis saor ó mhilleán déanta ag cúisí lasmuigh den Chúirt inghlactha ag an triail mar fhianaise. Ní ghlacfar ach le ráitis inchoiritheacha, arb ionann iad agus dearbhú in aghaidh leasa agus ar eisceacht iad dá bhrí sin ón riail

¹ Le Gemma McLoughlin-Burke BL

ghinearálta i gcoinne clostrácha. Tá bunús leis na rialacha inghlacthachta seo i gceanglas an dlí choitinn maidir le béil sa phróiseas coiriúil, ceanglas go seolfar trialacha ar bhonn viva voce murab ionann is fianaise dhoiciméadach. Tá dúshlán tugtha do riachtanas na cainte i gcúinsí eile, ar nós ráitis s16 a ligean isteach. Measadh ráitis den sórt sin a bheith inghlactha mar eisceacht reachtúil.

5. Mar seo a leanas seasamh na ráiteas saor ó mhilleán:
 - Ní hionann iad agus admháil in aghaidh leasa;
 - Ní thagann siad isteach in aon cheann de na heisceachtaí ón riail in aghaidh clostrácha;
 - Ní dhéantar foráil dóibh le reacht.
6. Is léir, mar sin, nach bhfuil ráitis atá ina n-iomláine inghlactha mar fhianaise. Mar sin, conas a tháinig ráitis réamhullmhaithe chun bheith ina gcuid choitianta de leabhar na fianaise i dtrialacha coiriúla?
7. Is cosúil go n-eascraíonn an deacracht ó “ráitis mheasctha”, mar a thugtar orthu, ráitis atá inchoiritheach agus saor ó mhilleán araon.
8. Tá iarmhairtí ag an deacracht ar leith a bhaineann le ráitis ullmhaithe (a d’fhéadfadh a bheith ina fhocail beacht nó nach bhfuil) do riail ghinearálta na béil a bhaineann go traidisiúnta le trialacha coiriúla.

Forbairt ar inghlacthacht na ráiteas measctha

9. Toisc inghlacthacht na ráiteas mheasctha, is é an bunús atá leis in ***DPP v Clarke*** [1995] 1 ILRM 355. Bhreithnigh O’Flaherty J ansin an raibh ráitis a rinneadh do na Gardaí a bhí idir inchoiritheach agus saor ó mhilleán araon inghlactha agus mheas sé cé acu an raibh siad inghlactha nó neamh-inghlactha. Chinn an Chúirt go raibh an dá rud inghlactha mar fhianaise ar na fíricí a luadh, ag sonrú:

“Is é an seasamh fíor sa dlí, mar a bhunaítear sa chás sin, agus a thapaíonn muid an deis seo a athlua, a luaithe a chuirtear ráiteas i bhfianaise mar atá sa chás seo ag an

ionchúiseamh, go dtiocfaidh sé ansin agus ar an mbealach sin ina fhianaise de réir bhrí cheart an fhocail de, ní amháin i gcoinne an té a rinne é ach ar a shon i dtaobh na bhfóras fabhrach dá chosaint, nó dá chás. Níl sé de cheangal ar ghiúiré glacadh le fíricí fabhracha den sórt sin mar fhórais, fiú mura ndiúltaítear dóibh le fianaise contrártha ach ba chóir a rá leo iad a fháil, a mheá agus a mheas mar fhianaise.”

10. Luadh an breithiúnas sin ina dhiaidh sin mar thacaíocht don tairiscint go bhfuil ráitis saor ó mhilleán inghlactha mar fhianaise ar an bhfíric, áfach, tá roinnt pointí tábhachtacha le tabhairt faoi deara ón mbreithiúnas seo.

11. Ar an gcéad dul síos, dúirt an Chúirt, ag an am a rinneadh an ráiteas seo, go raibh sé “ag céim an-luath sula bhfuair an cúisí aon chomhairle dlí” agus dúradh freisin go ndearnadh “go spontáineach do na Gardaí é”.

12. Ar an dara dul síos, is díol suntais nach ráiteas réamhullmhaithe é sin; rinneadh na ráitis i gcomhthéacs agallaimh na nGardaí agus rinneadh thar roinnt laethanta é tar éis an t-íospartach a mharú.

13. Ina dhiaidh sin, i **McCormack v. DPP** [2008] 1 IR 289 d’áitigh an cúisí gurb é teip na nGardaí agallamh ceart a dhéanamh air agus na hagallaimh sin a dhéanamh i scríbhinn nach raibh an deis aige a chosaint a chur i láthair. Bhreithnigh Charleton J an cinneadh i **DPP v. Lawless** (Neamhthuariscithe, An Chúirt Achomhairc Choiriúil, 29 Samhain 1985), nuair a breithníodh na ráitis inghlacthachta a rinneadh le linn cuardach áitribh, agus thug sé faoi deara nach ndearna an Chúirt Achomhairc Choiriúil sa chás sin aon trácht ar threoir bhreitheamh na trialach don ghiúiré nár cheart an oiread machnamh céanna a thabhairt do ráitis a thugann an cúisí do na Gardaí agus atá ar fhianaise viva voce. Dúirt sé go raibh sé seo ceart, ag breathnú ar an méid seo a leanas:

“Ar an riail go raibh ráitis ó dhuine cúisithe inghlactha i bhfianaise bunaithe ar eisceacht ón riail chlostráchtá gur cheart don bhinse fórais iontráil in aghaidh leasa a bhreithniú. Ní thagann ráiteas féinseirbhíse laistigh den eisceacht sin, ach meashtar formhór na gcásanna den chineál seo, mar atá i gcás Clarke’s; ag cruthú, má ghlactar leis, roinnt fíricí don ionchúiseamh agus ag dearbhú cosaint don chúisí I

go maífeadh go sainráite nach é cuspóir agallamh póilínreachta é a chur ar chumas an chúisí cas a dhéanamh ar fhíseán ionas gur féidir é a imirt mar chuid de chás an ionchúisimh os comhair giúiré. Tá an rogha ag an gcúisí, chun na críche sin, finnéithe a chroscheistiú ag an triail, fianaise a ghlaoch nó fianaise a thabhairt é nó í féin. Is ceist do bhreitheamh na trialach é cibé acu an bhfuil ráiteas atá go hiomlán féinseirbhíse ó chúisí, a dhéantar arís agus arís eile, inghlactha maidir le gach athrá mar eisceacht ón riail in aghaidh féin-fhianaise chomhthacaíoch.”

14. In **DPP v. O’Neill** [2007] 4 IR 564, rinne an t-ionchúiseamh iarracht fianaise a thabhairt ar chomhrá a tharla idir an cúisí agus baill den Garda Síochána ina chistin maidir le cúiseamh éignithe. Dúirt an cúisí gur ceisteanna agus freagraí caighdeánacha a bhí san agallamh ar dtús ach gur tháinig athrú ar dhearcadh na nGardaí ag am éigin agus cuireadh brú air na freagraí a bhí uathu a thabhairt do na Gardaí nó go gcuirfí sa phríosún é.

15. Tar éis an iarratais seo, chinn Breitheamh na trialach nach raibh sé sásta go raibh an t-agallamh deonach agus mar sin d’fhág sé é ina iomláine ar lár. Chuir an cúisí i gcoinne an t-agallamh a bheith fágtha as an áireamh go hiomlán agus d’iarr sé go gcuirfí an chéad chuid den agallamh, a bhí saor ó mhilleán, os comhair an ghiúiré. Dhiúltaigh Breitheamh na trialach don iarratas seo agus rinneadh achomharc ar an ábhar.

16. I ndiaidh dó machnamh a dhéanamh ar an méid a tugadh go deonach, agus an chúis leis an ráiteas a scaradh chun ráitis dheonacha vs ainneonacha a léiriú, dúirt Kearns J seo a leanas:

“Ní mór a mheabhrú go ndéanfaidh an t-agallamh iarracht i go leor cásanna cuntas saor ó mhilleán a chur san iarmhéid agus cuntas inchoiritheach ar bhealach féinfhreastail ionas gur féidir iad a scaradh óna chéile laistigh den phróiseas céanna chun a admháil nach bhféadfadh ach codanna saor ó mhilleán a bheith ina chúis le hiomhá curtha ar a riocht a thabhairt don ghiúiré.”

Eisiúint na ráitis réamhullmhaithe

17. I **DPP v. KM** [2018] IESC 21, d'ullmhaigh an cúisí ráiteas sular fhreastail sé ar Stáisiún na nGardaí maidir le gearán faoi ionsaí mígheanasach. Tar éis dóibh an ráiteas a léamh, lean na Gardaí ar aghaidh ag cur ceisteanna ar an gcúisí, ach mar fhreagra, dúirt an cúisí go leanúnach go raibh sé tar éis tagairt a dhéanamh do na hábhair seo ina ráiteas ullmhaithe cheana féin agus nach raibh aon rud eile le cur leis. Fíric thábhachtach sa chás seo is ea nár tugadh an meabhrán seo ar aird sa chéad triail ar an gcúisí as an gcion seo. Bhí easaontas mar thoradh ar an triail seo agus le linn na atrialach a rinne sé, thug an t-ionchúiseamh an fhianaise seo ar aird gan foláireamh a thabhairt don chosaint ar dtús go raibh an gníomh éagsúil sin le glacadh.
18. Chuir an cúisí in aghaidh an chur chuige seo ar an mbonn gur sárú ar a cheart chun tosta a bhí ann, ach ní go dtí gur tugadh an fhianaise os comhair an ghiúiré cheana féin. Ina theannta sin, níor breithníodh an t-ábhar ó thaobh ábharthacht de, nó cibé an raibh an luach promhaidh níos mó ná an éifeacht réamhchlaonta a bhain leis. Sa deireadh, rinneadh achomharc ar an ábhar chuig an gCúirt Uachtarach.
19. D'athbhreithnigh O'Malley J an dlí maidir leis an gceart chun tosta, agus seo a chinn sé: *"Is ionann ráiteas deonach a dhéanamh, mar atá sa chás seo, agus tarscaoileadh soiléir ar an gceart chun tosta sa mhéid sin, ach ní leanann sé go dtarscaoileann an t-amhrastach ar an gcaoi sin an ceart maidir le diúltú ceisteanna a fhreagairt roimhe sin nó ina dhiaidh sin. Measaim go bhfuil an chosaint bhunreachtúil a thugtar don cheart chun tosta ar shlí nach féidir glacadh leis go bhfuil tarscaoileadh intuigthe..."*
20. Mar sin féin, d'aibhsigh sí gur chiallaigh an cás seo, an chaoi ar tugadh an fhianaise ar aird, agus tuairim Bhreithimh na trialach nach sárú ar an gceart chun tosta a bhí i gceist, agus nach raibh fíor-anailís na hábharthachta de bharr na fianaise sin agus ar a inghlacthacht lasmuigh de chomhthéacs an chirt chun tosta. Dealraítear, mar sin, nach dtéann an breithiúnas seo chomh fada le cleachtas na ráiteas réamhullmhaithe nó inghlacthacht na ráiteas sin a fhormhuiniú.

21. In **DPP v. Mahon**, h, rinne Charleton J na tuairimí a leag sé amach in **McCormack** a athrá; gur féidir ráitis réamhullmhaithe a ligean isteach ach gur lú i bhfad an meáchan ba cheart a bheith ag gabháil leis i gcomparáid le fianaise *viva voce*. Dúirt sé:

“Féadann mearbhall teacht chun cinn i gcomhthéacs cásanna foréigin agus foréigean gnéis maidir le stádas freagraí an chúisí do na Gardaí nó ráiteas ullmhaithe a thug cúisí isteach, ráitis a thiocthadh leo bheith dréachtaithe le cúnamh ó aturnae. Is fianaise iad ráitis den sórt sin. Ós rud é, áfach, nach n-éisteann an ghiúiré leis an bhfinné i dtéarmaí príomhscrúdaithe agus nach bhfuil sé de bhuntáiste acu éisteacht le ceisteanna ábhartha a chuirtear faoi chroscheistiú chun fianaise den sórt sin a thástáil, agus ós rud é nach gcuirtear na ráitis sin faoi mhionn, ba cheart do bhreitheamh na trialach a rá leis an ngiúiré: cé gur ábhar dóibh an chreidiúint a ghabhann le ráiteas den sórt sin, is cuma cén meáchan a thugann siad do na ráitis seo, agus gur cheart iad a mheasúnú chuige sin. Tá fianaise finnétithe eile faoi mhionn nó faoi dhearbhasc agus faoi chroscheistiú os comhair an ghiúiré; ní mar an gcéanna le ráitis dá leithéid sin.”

22. Aisteach go leor, i **DPP v. JD** [2022] IESC 39, bhreithnigh an Chúirt Uachtarach cibé an bhfuil duine cúisithe i dteideal a chuntas ar imeachtaí a chur ar an taifead sa chás nár coinníodh é agus ceistíodh é maidir le cion ag an tús. Gabhadh an tAchomharcóir ansin agus cúisíodh é i roinnt cionta achoimre tráchta bóthair. Ina dhiaidh sin, cúisíodh an tAchomharcóir as an gcion indíotáilte de chontúirt mheargánta. Dá mbeadh an tAchomharcóir gafa de bhun an chúisimh seo, bheadh sé de chumhacht ag na Gardaí é a choinneáil agus é a cheistiú maidir leis an gcion. Níl a leithéid de chumhacht gabhála agus coinneála ann do na cionta achoimre ar cúisíodh é ar dtús.

23. D’áitigh an tAchomharcóir gur cheart é a ghabháil agus a choinneáil de bhun an chúisimh indíotáilte chun deis a thabhairt dó a chuntas ar imeachtaí a chur os comhair an ghiúiré mar mheabhrán agallaimh. Chiollaigh an teip sin gan sin a dhéanamh go raibh sé i riocht a bheith iallach air fianaise a thabhairt nó rud ar bith a chur os comhair an ghiúiré. Dúradh gur sárú é seo ar phrionsabal *audi*

alteram partem agus mar sin, baineadh deis dul ar thriail don Achomharcóir in am trátha dlí.

24. Dúirt MacMenamin J go raibh na cúinsí inar tháinig an cúiseamh i mbaol neamhghnách, cé nár chualathas a leithéid, agus gurbh í an tsaincheist a bhí os comhair na Cúirte ná an bhféadfadh an teip seo sa chéim imscrúdaithe a bheith mar shárú ar an gceart chun trialach in am trátha an dlí. Agus ról an Stiúrthóra á breithniú aici ar dtús, dhearbhaigh an Chúirt nach bhfuil aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir, ná nach bhfuil dualgas uirthi nósanna imeachta imscrúdaithe a stiúradh. Ar an dara dul síos, dúirt an Chúirt go mbaineann coincheap na nósanna imeachta córa, mar a dhíorthaítear ón mBunrecht agus ón gCoinbhinsiún é, go príomha le triail duine seachas leis an gcéim imscrúdaithe, i gcás nach bhféadfadh feidhm a bheith ag raon iomlán na gceart. Mar shampla, dúirt an Chúirt: *“Ní féidir a mholadh go gcaithfidh “cúirt nó eadránaí neamhchlaonta agus neamhspleách” a bheith i gceist le himscrúduithe póilíní arna seoladh de réir an dlí. Ní féidir le duine cúisithe ach oiread fianaise a thástáil trí chroscheistiú ag an bpointe sin.”*

25. Luaigh MacMenamin J an cinneadh i ***Gormley & White*** agus d’aithin sé an ceart chun nósanna imeachta córa le linn ceistiúcháin agus coinneála, ach luaigh sé go raibh baint dhíreach ag na cearta sin leis an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag teip na cearta sin a chomhlíonadh ar thriail. Má dhéanann Gardaí duine a cheistiú go leatromach agus má thugann siad ráiteas dá bhun, rinne an Chúirt réasúnú, go mbeadh inghlacthacht ráiteas den sórt sin ag an triail ina sárú ar chearta an chúisí. D’aibhsigh an Chúirt gurbh í an triail féin a chaithfidh a bheith ann “in am trátha den dlí” agus nach mbíonn an chéim imscrúdaithe faoi ghrinnscrúdú ach amháin sa mhéid go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aici ar an triail sin. Cinneadh nach bhfuil céim an imscrúdaithe á rialú ag prionsabal *audi alteram partem*. Cé go gcaithfidh ceistiú réamhthrialach a bheith cothrom, agus nach mór don mhodh a choinnítear duine cloí leis an gcreat reachtúil, chinn an Chúirt nach n-eascaíonn an ceart chun trialach in am trátha dlí ach ag céim na trialach féin.

26. Dúirt an Chúirt freisin nach bhfuil ráitis a dhéantar mar fhreagra ar chúiseamh inghlactha go huathoibríoch ag an triail agus gur ábhar iad nach mór do Bhreitheamh na trialach a bhreithniú sular féidir iad a ghlacadh i bhfianaise. Maidir leis seo, dúirt an Chúirt gur réimse dlí é seo atá “an-shonrach ar fhíricí”.
27. Faoi dheireadh, maidir leis an gceart chun tosta, dúirt an Chúirt go gcinntíonn an ceart seo “nach mbíonn dualgas ar dhuine cúisithe fianaise a thabhairt, ná ní gá dó fianaise a thabhairt ar aird ar a shon féin, ná a bheith á cheistiú in aghaidh a thoile”. Dúirt an Chúirt nach raibh aon cheart den sórt sin a bheith gafa agus a choinneáil chun críocha ceistiúcháin; gur chun críocha imscrúdú ar chion a cheistiú a bhí faoi amhras faoi choinneáil, gan deis a thabhairt don chúisí a chás a chur ar an taifead.
28. San iomlán, chinn an Chúirt nach raibh a leithéid de cheart ann chun ceistiú a dhéanamh.
29. In **DPP v. RM** [2024] IECA 75, bhreithnigh an Chúirt Achomhairc go sonrath an cheist maidir le hinghlachtacht ráitis a rinne cúisí dá dlíodóir. Gabhadh an cúisí i mí Aibreáin 2020 mar gheall ar roinnt cionta tromchúiseacha, lena n-áirítear trombhuirgléireacht. An 4 Samhain 2022, an chéad lá dá thriail, thug foireann dlí an chúisí ráiteas saor ó mhilleán a rinne an cúisí dá chomhairleoirí dlí agus d'iarr siad go ligfí isteach é faoin gcinneadh in JD. Cé go ndúirt Breitheamh na trialach nach raibh aon cheart ráiteas den sórt sin a ligean isteach, bhí sé sásta go raibh sé sin ceadaithe nuair a bhí sé ar mhaithe le cothroime. Glacadh leis an ráiteas agus rinne an t-ionchúiseamh achomharc air.
30. Bhreithnigh Kennedy J na rialacha fianaise chomh fada agus a bhaineann siad le clostrácht agus bhain sé de thátal as nach raibh ráitis eisiacha iomlána faoi aon eisceacht ó na rialacha agus go raibh siad, dá bhrí sin, neamh-inghlactha. Bhreithnigh sí breithiúnas MacMenamin in **JD** agus dúirt sí nár bhain an cinneadh seo le ráiteas lasmuigh den chúirt, ach go raibh sé dírithe ar an raibh duine cúisithe i dteideal a bheith á cheistiú ag Gardaí chun a gcuntas ar imeachtaí a chur ar an taifead nó nach raibh, agus seo a leanas a dúirt sí:

“Ní fheicimid gur údarás é an cinneadh don mholadh go bhfuil ráiteas a dhéantar d’aturnae inghlactha per se. Go deimhin, má bhreathnaíonn duine go cúramach ar para. 100, tagraíonn an Chúirt Uachtarach do mheabhrán agallaimh nuair a deir MacMenamin J:

“Más rud é gur bhraith breitheamh na Cúirte Cuarda go raibh éagothroime inaitheanta soiléir ann, ansin, faoi réir go raibh gach rud eile comhionann, nó go ndearnadh amhlaidh, d’fhéadfadh an t-achomharcóir, fiú ag an céim dhéanach sin, an deis a bheith tugtha don achomharcóir freagra scríofa a thabhairt don chúiseamh contúirte. Bheadh sé fós ag an mbreitheamh a chinneadh cibé acu an nglacfaí nó nach nglacfaí meabhrán agallaimh den sórt sin mar fhianaise, de réir na bprionsabal ginearálta a leagadh amach níos luaithe.

53. Is é ár dtuairim é gur léir go bhfuil meabhrán agallaimh difriúil ó ráiteas a dhéantar le haturnae. Bíonn staid agallaimh i gceist leis, agus mar atá sé i gcomhthéacs coiriúil; idirghníomhú le gardaí de bharr ar sin.”

31. Lean sí le:

“55. Tá sé soiléir go leor ón méid thuas nach dtacaíonn JD le hargóint an fhreagróra. Níl ráiteas a dhéantar le haturnae inghlactha mar fhianaise ar fhírinneacht a bhfuil ann.

56. Is é an seasamh atá ann fós, áfach, gur faoi bhreitheamh na trialach a bheidh sé ar cé chomh inghlactha is atá meabhrán agallaimh a dhéanfar chuig garda ag céim dhéanach. Athraítear fachtóirí a d’fhéadfadh a bheith ábhartha do chinneadh den sórt sin, ach d’fhéadfadh go n-áireofaí leo nach raibh deis ag cúisí freagra a thabhairt ar líomhain. Mar sin féin, dá mbeadh deis aige/aici agus mura ndearna sé/sí amhlaidh, nó go raibh sé/sí míshásta leis an méid a dúradh, ansin, ní féidir linn a shamhlú go ligfí isteach ráiteas lasmuigh den chúirt den chineál sin mar fhianaise. Féadfaidh duine ráiteas a dhéanamh i stáisiún na ngardaí ar ghabháil, mar atá i láthair na huaire, nó má dhiúltaíonn sé/sí é sin a dhéanamh nó má tá sé/sí míshásta leis an méid a dúirt sé nó sí nó má mhothaíonn sé/sí nach léiríonn an leagan fírinne an scéil i gceart, ansin tá an rogha oscailte i gcónaí chun fianaise a thabhairt. Ní sárú é seo ar an gceart chun tosta.

57. Mar a dúradh ag para. 78 de JD: cibé acu ar cheart ráiteas neamh-mhionnaithe “a thabhairt ar aird i bhfianaise is ábhar é ag breitheamh na trialach a chinneadh de réir cothroime bhunreachtúil agus rialacha na fianaise.”

58. Cé go bhféadfadh freagra ó chúisí ar chúiseamh a bheith curtha air nó uirthi ar dtús a bheith inghlactha mar fhianaise comhsheasmhachta, má thugann an cúisí fianaise, braitheann sin ar fhreagra láithreach ar an líomhain. Féadfar ráiteas arna ullmhú le comhairle dlí a chur ar fáil do na Gardaí, ach meastar go ginearálta nach bhfuil ráiteas den sórt sin inghlactha. Is é ár dtuairim é nach bhfuil ráiteas a dhéantar le haturnae inghlactha go ginearálta, fiú má thugtar do na gardaí é tráth na gabhála. Is é an rud a d’fhéadfadh tarlú sna cásanna sin, go bhféadfar cúisí a cheistiú ar an ráiteas agus go bhféadfadh sé sin a bheith mar chuid de chorp na fianaise ag brath ar cé acu an doiciméad é an meabhrán agallaimh a bheidh inchoiritheach mar thoradh air nó an doiciméad measctha é...”

32. Tá ceist na ráiteas réamhullmhaithe curtha san áireamh sa RA freisin. I **R v. Turner** [2004] 1 All ER 1025, dúirt Scott Baker LJ:

“Baineann an cás seo le gné beagán difríochta den fhadhb chéanna, is é sin an cás nuair a thugann cosantóir ráiteas réamhullmhaithe do na póilíní agus go ndiúltaíonn sé ceisteanna a fhreagairt. Inár dtuairim féin, tá sé seo ag éirí níos coitianta. Mheas an chúirt seo le déanaí é i **R v. K** [2003] EWCA Crim 1977, [2003] All ER (D) 490 (Jul), [2003] Crim LR 799. Dúirt Laws LJ gur tháinig an chúirt ar an toradh soiléir nár áiríodh le haidhm alt 34(1)(a) croscheistiú na bpóilíní ar amhrastach ar a chuntas sa bhreis ar nochtadh an chuntais sin. Ba é aidhm na rannóige spreagadh a thabhairt do amhrastach a chosaint fhíorasach a nochtadh. Rinne an chúirt sa chás sin roinnt tuairimí maidir le ráitis réamhullmhaithe a thabhairt isteach. Ar dtús, tá feidhm fós ag an dlí mar a thuairiscítear i **R v Pearce** (1979) 69 Cr App R 365. Ní féidir a cheangal ar an ionchúiseamh ráiteas réamhullmhaithe féinseirbhíse a thabhairt ar aird mar chuid dá fhianaise. Mar a dúirt an Tiarna Príomh-Bhreitheamh i **R v. Pearce** (at 370):

‘Cé go dtugtar an chuid is mó de na ráitis mar fhianaise go praiticiúil fiú nuair a bhíonn siad féin-seirbhíseach den chuid is mó, d’fhéadfadh ócáidí annamh a bheith ann nuair a chuireann cúisí ráiteas scríofa ullmhaithe ar fáil do na póilíní, d’fhonn é a dhéanamh mar chuid d’fhianaise an ionchúisimh. Is léir go

ndéanfadh breitheamh na trialach ráiteas den sórt sin a eisiamh mar ráiteas neamh-inghlactha.'

Léiríonn an chúirt seo gur cleachtas atá ag dul i méid é, gan amhras ar chomhairle, ráiteas réamhullmhaithe a chur isteach agus diúltú aon cheisteanna a fhreagairt. Is féidir go gcruthódh sé seo, inár dtuairim, cúrsa contúirteach é do dhuine neamhchiontach a fhaigheann amach ina dhiaidh sin ag an triail go bhfuil rud éigin suntasach fágtha ar lár. Ní thiocfadh fadhbanna dá leithéid chun cinn tar éis agallaimh ina dtugann an t-amhrastach freagraí cuí ar na ceisteanna."

33. Is díol suntais é go raibh tionchar ag cinntí mar iad siúd i **Pearce**, áfach, ní údarás é **Pearce** le ráitis mheasctha a ghlacadh. Is tairiscint atá cosúil leis an gceann sa dlínse seo a leanas: go bhfuil ráitis atá go hiomlán neamh-inghlactha, agus gur ábhar discréide breithiúnach iad ráitis mheasctha.

34. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil an dlí-eolaíocht i Sasana dírithe ar sheasamh an ionchúisimh agus iad ag breithniú ráitis réamhullmhaithe a ligean isteach, ach ina ionad sin tá sé dírithe ar chearta an chúisí. Tugann an Chúirt le fios, mar is ceart, go bhfuil seans ann nach mbeadh an fhaisnéis go léir a éilítear ar an gcúisí le fáil i ráiteas réamhullmhaithe, agus d'fhéadfadh, mura dtugtar freagraí ar aon cheann de cheisteanna ón nGarda Síochána, go mbeadh leath a gcuntas i scríbhinn os comhair an ghiúiré, maille le heasnaimh shuntasacha nó easnaimh shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le giúiré a chinneadh nach bhfuil cuntas iomlán tugtha ag an gcúisí. I Sasana, téama a thagann chun cinn arís agus arís eile sa réimse seo ná an bhféadfaidh an t-ionchúiseamh cuireadh a thabhairt don ghiúiré tátail a bhaint as na heasnaimh seo a thagann chun cinn. Tá an dlí anseo arís i bhfabhar discréide dlíthiúil agus anailís cás-ar-chás, ach is cinnte go bhfeictear go bhfuil féidearthacht ann agus go bhféadfadh sé duine cúisithe a fhágáil i riocht contúirteach dá roghnódh sé brath go hiomlán ar chuntas réamhullmhaithe gan a thuilleadh rannpháirtíocht a dhéanamh leis an nGarda Síochána.

Conclúid

35. Dealraíonn sé do na húdair gur achoimre nós imeachta chuí é an méid seo a leanas ar ár seasamh:

36. Is cinneadh imscrúdaitheach a dhéanfaidh na Gardaí cibé an lorgóidh siad rannpháirtíocht dheonach nó duine a bhfuil amhras faoi.

Más fearr rannpháirtíocht dheonach:

37. Féadfaidh Garda glacadh le ráiteas ullmhaithe agus é a léamh amach ar fhíseán ach ar an gcoinníoll nach féidir leis na Gardaí a dheimhniú go gcuirfí isteach sa Leabhar Fianaise é.

38. Má chuirtear ráiteas ullmhaithe den sórt sin i láthair ba chóir ceisteanna a chur faoi na cúinsí inar glacadh an ráiteas, mar shampla, cé acu a scríobh an t-amhrastach nó an t-atornae é.

39. Is féidir le Gardaí ceisteanna a chur tar éis an ráiteas a léamh ach mura bhfuil aon tuairim ann, ní bheidh sin luaite ag an triail (féach ***DPP v. KM***).

40. Is faoin DPP a bheas an cinneadh i ngach cás ar cheart an ráiteas a chur san áireamh sa Leabhar Fianaise.

41. Is faoi na Gardaí a bheas an cinneadh cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar amhrastach a ghabháil tar éis na rannpháirtíochta deonaí.

Má tá gabháil ann (ar an gcéad dul síos nó tar éis na rannpháirtíochta dheonaí):

42. Más rud é nuair a ghabhtar é ní úsáideann an cúisí ach ráiteas réamhullmhaithe is féidir a léamh ar fhíseán ach arís gan ráthaíocht ar bith cuirfear sa Leabhar Fianaise é.

43. Má chuirtear ráiteas den sórt sin i láthair ba chóir ceisteanna a chur faoi na himthosca inar glacadh an ráiteas, mar shampla, cé acu a scríobh an t-amhrastach nó an t-aturnae é.

44. Is faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a bheas cinneadh a dhéanamh i ngach cás ar cheart an ráiteas a chur san áireamh.

Mar fhocal scoir:

45. Más ráiteas réamhullmhaithe ‘measctha’ é an ráiteas, i mo thuairim féin, is ceist oscailte é cé acu ar cheart nó nár cheart é a chur san áireamh i Leabhar na Fianaise ag cur san áireamh ***Clarke*** agus ***McCormack***.

46. Má dhéantar an ráiteas a sheirbheáil beidh feidhm ag rabhadh ***Mahon***. In am trátha, is ceist oscailte freisin í an bhféadfaidh an Chúirt Uachtarach an rabhadh sin a neartú agus aird á tabhairt aici go bhfuil rabhadh ***Mahon*** níos cearr.